Sonraíocht Nua

Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**January 2010**

# Rialtas agus Polaitíocht

## Aonad Measúnaithe A2 1

## An Pholaitíocht Chomparáideach

**[AQ211]**

AQ211

**DÉ hAOINE 22 EANÁIR, MAIDIN**

**AM**

2 uair 15 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Freagair **Rogha B**: An Ríocht Aontaithe agus Poblacht na hÉireann.

As na ceisteanna sa rogha agat, freagair **1**, **2**, **3**, **4** agus ceachtar acu **5(a)** nó **5(b)**.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 100 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **1**, **3**, **4** agus **5**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

**COMHAIRLE D'IARRTHÓIRÍ**

Moltar duit an t-am scrúdaithe a roinnt de réir líon na marcanna atá ag dul do gach cuid de cheist.
Ba chóir duit tuairim is **40 nóiméad** a chaitheamh ag freagairt na ceiste i Rannán A den rogha agat, agus ba chóir duit tagairt a dhéanamh don Fhoinse i do fhreagra.

## Rogha B: An Ríocht Aontaithe agus Poblacht na hÉireann

### Rannán A: Bunreacht na hÉireann

**Déan staidéar ar an fhoinse thíos agus freagair an cheist a leanann:**

**Foinse**

Ráthaigh Bunreacht 1937 na gnáthchearta daonlathacha liobrálacha – habeas corpus, saoirse caidrimh, saoirse cainte agus araile. D'imir an smaointeachas Caitliceach sóisialta tionchar ar na hairteagail a leagann amach na cearta seo. I gcásanna áirithe, níl a dhath Caitliceach faoin fhriotal a úsáideadh i mBunreacht na hÉireann. Is soiléir blas an Chaitliceachais i gcásanna eile, áfach, mar shampla sa toirmeasc ar cholscaradh. Bhí stádas leithleach ag an Chaitliceachas Rómhánach de réir dhá fhoráil d'Airteagal 44 a fhad is nár thug an Stát ach "aitheantas" do liosta de reiligiúin eile nach raibh, is dócha, chomh tábhachtach céanna.

Arna chur in oiriúint ó John Coakley and Michael Gallagher Politics in the Republic of Ireland PSAI Press, 2ú hÉagrán, 1996, lch54

**1** Pléigh cé acu atá nó nach bhfuil bunreacht nua de dhíth ar Éirinn an aonú haoise is fiche. Déan tagairt i do fhreagra don Fhoinse agus d'ábhar cuí eile a ndearna tú staidéar air. [30]

**Rannán B: Rialtas sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann**

**Freagair gach ceann de na 4 cheist.**

**2** Mínigh cad é a chiallaíonn an téarma 'comhrialtas'. Úsáid sampla ábhartha a bheidh mar thaca ag do fhreagra. [5]

**3** Mínigh cad é mar is féidir le pé rialtas na hÉireann an Seanad a stiúradh. [10]

**4** Cumhachtaí scrúdain Theach na dTeachtaí agus Dáil Éireann, cuir i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile iad. [25]

**5** **Ceachtar acu**

**(a)** "Is 'Ceannairí' ar an chomh-aireacht iad Príomh-Airí na Breataine; tá i bhfad níos lú ceannais ag a macasamhla in Éirinn." Luacháil an dearcadh seo. [30]

**Nó**

**(b)** "Is iomláine smacht an fheidhmeannais ar an reachtas sa Ríocht Aontaithe ná i bPoblacht na hÉireann." Luacháil an dearcadh seo. [30]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.